Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# ARDLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Sa chás go soláthraíonn iarrthóir níos mó pointí bailí ná mar a éilítear i gceist, déantar na pointí iomarcacha is ísle a lascainiú trí lúibíní cearnacha a chur timpeall na marcanna iomarcacha a bhronntar. Ní áirítear na marcanna breise sin sa mharc iomlán don cheist, laistigh den script nó ar ghreille na ceiste ar an gclúdach, agus níl siad san áireamh san iomlán carnach.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara | 4 |
| | Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna | 5 |
| | Roinn A | 6 - 9 |
| | Roinn B | |
| 1 | Éileamh, Cothromaíocht sa Mhargadh, Rialú Cíosa | 10 - 13 |
| 2 | Monaplacht | 14 - 16 |
| 3 | Leaisteachas | 17 - 19 |
| 4 | Tosca Táirgeachta agus Costas Táirgeachta | 20 - 22 |
| 5 | Airgead agus Baincéireacht; agus Cuspóirí Rialtais | 23 - 26 |
| 6 | Boilsciú agus Iomaíochas Idirnáisiúnta | 27 - 29 |
| 7 | Ioncam Náisiúnta | 30 - 32 |
| 8 | Beartais Rialtais agus Polasaí Fioscach | 33 - 35 |

**Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna**
**ROINN A (100 marc)**

| Ceist | Marcanna |
|---|---|
| 1 | (a) 6: 3 + 3<br>(b) 10 |
| 2 | 4@4 = 16 |
| 3 | 2@8 = 16 |
| 4 | 2@8 = 16 |
| 5 | (a) 4@2=8<br>(b) 8 |
| 6 | 11 + 6 |
| 7 | (a) 5+4 = 9<br>(b) 4+4 = 8 |
| 8 | 1@9 + 1 @ 4<br>1@4 |
| 9 | (a) 1 @ 9 + 1 @4<br>(b) 4 |

**ROINN B (300 Marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 (a)<br><br>1 (b)<br><br><br>1 (c) | (i) 2@5<br>(ii) 3@5<br>(i) Léaráid: 5 Míniúchán: 5<br>(ii) Léaráid: 5 Míniúchán: 5<br>(iii) Léaráid: 5 Míniúchán: 5<br>(i) 12<br>(ii) 2@4 | 5 (a)<br><br>5 (b)<br>5 (c) | (i) 2@5<br>(ii) 4@5<br>4@4 + 4<br>(i) 6<br>(ii) 7<br>(iii) 2@6 |
| 2 (a)<br><br>2 (b)<br><br>2 (c) | (i) 3@5<br>(ii) 5<br>(i) Léaráid: 11 Míniúchán: 9<br>(ii) 5+5<br>(i) 1 @ 9 agus 2 @ 4<br>(ii) 2 @ 4 | 6 (a)<br><br><br>6 (b)<br><br><br>6 (c) | (i) 8<br>(ii) 2 @ 4<br>(iii) 9<br>(i) 2@5 (2+3)<br>(ii) 3@4 (2+2)<br>(iii) 8<br>4 @ 5 |
| 3 (a)<br><br>3 (b)<br><br><br>3 (c) | (i) 5<br>(ii) 2@6 agus 2 @ 4<br>(i) 2@5<br>(ii) Léaráidí: 2@6 Míniúchán: 2+2<br>(iii) 2@2<br>(i) Ríomh: 12 Míniúchán: 4<br>(ii) 4 | 7 (a)<br><br>7 (b)<br><br><br><br>7 (c) | (i) 2@7<br>(ii) 2@8<br>(i) 5<br>(ii) 5<br>(iii) Ríomh: 5 Míniúchán: 4<br>(iv) 6<br>(i) 5<br>(ii) 3@5 (2+3) |
| 4 (a)<br><br>4 (b)<br><br><br><br>4 (c) | (i) 2@6 agus 2 @ 4<br>(ii) 2@5<br>(i) 7<br>(ii) 6<br>(iii) 3<br>(iv) 4<br>(i) 3@5 (2+3)<br>(ii) 2@5 (2+3) | 8 (a)<br><br>8 (b)<br><br>8 (c) | (i) 2@5 (4+1)<br>(ii) 3@5 (2+3)<br>(i) 3@5 (2+3)<br>(ii) 3@5 (2+3)<br>(i) 6<br>(ii) 2@7 (4+3) |

# ROINN A (100 marc)

| C | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| | | |
| 1. (a) | Deir **an prionsabal comhimeallach d'iompraíocht tomhaltóirí** go gcaithfidh tomhaltóirí a n-ioncam teoranta sa chaoi is go mbeidh cóimheas na háirgiúlachta imeallaí leis an praghas mar an gcéanna le haghaidh gach earra a úsáidtear sa tslí agus go n-uasmhéadaítear an áirgiúlacht a bhaintear astu.<br>Deir an prionsabal comhimeallach go ndéantar áirgiúlacht a uasmhéadú nuair atá an áirgiúlacht imeallach don euro deiridh a chaitear ar gach táirge cothromaithe. | **6 (3+3)** |
| (b) | $\frac{MU_A}{P_A} = \frac{MU_O}{P_O}$<br><br>$\frac{9}{0.90} = \frac{MU_O}{0.50}$ $\frac{0.50\ (9)}{0.90} = MU_O.$ $MU_O = 5$ util. | **10** |
| 2. | Cuir in iúl le tic (✓) cé acu FÍOR nó BRÉAGACH atá gach ceann de na ráitis seo a leanas. | **4 @ 4** |
| 3. | Tagraíonn **forbairt gheilleagrach** do mhéadú ar OTI tíre per capita / leibhéal ioncaim / caighdeán maireachtála / aschur i ndiaidh bunathrú ar struchtúr an tsochaí e.g. feabhsuithe ar an oideachas, cúram sláinte, infreastruchtúr, etc.<br><br>Tagraíonn **fás geilleagrach** do mhéadú ar OTI tíre per capita gan ghá le hathrú bunúsach ar struchtúr na sochaí. | **2 @ 8 grádaithe** |

Table for question 2:

| | RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| 1. | Is éileamh díorthaithe é an t-éileamh ar shaothar. | ✓ | |
| 2. | Is é an Beochlár an tomhas is beaichte ar ráta na dífhostaíochta in Éirinn. | | ✓ |
| 3. | Cúlú eacnamaíochta is cúis le dífhostaíocht thimthriallach. | ✓ | |
| 4. | Léiríonn cuar soláthair an tsaothair a chlaonann ar gcúl an coincheap go gcuireann oibrithe an fhóillíocht in ionad na hoibre de réir mar a ardaíonn an pá os cionn leibhéal áirithe. | ✓ | |

**4.**

**Dhá** phríomhsmaoineamh a chuir an t-eacnamaí John Maynard Keynes leis an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta:

**2 @ 8**

**Idirghabháil rialtais fhabhrach** – chruthaigh Keynes go bhféadfadh ioncam náisiúnta cothromaíocht a bhaint amach gan fostaíocht iomlán. Dúirt sé gurbh é an tslí ab fhearr le bainistiú éifeachtúil gheilleagair a spreagadh ná trí idirghabháil rialtais i bhfoirm polasaí fioscach.

Ciallaíonn **éifeacht an iolraitheora** go mbíonn méadú a bhíonn níos mó ná comhréireach ar an ioncam náisiúnta mar thoradh ar inteilgean tosaigh sa sreabhadh ciorclach ioncaim.

Deir **teoiric tosaíocht leachtachta** gur beag an tionchar a bhíonn ag an ráta úis ar mhian an tomhaltóra airgead tirim a bheith acu. / Tá trí chúis airgead tirim a choimeád; an chúis bheartaíochta, an chúis réamhchúraim agus an chúis thuairimeach.

Deir **paradacsa na barainne** go mbíonn laghdú ar éileamh comhiomlán mar thoradh ar mhéadú ar choigilt, agus laghdaíonn sé seo ioncam náisiúnta agus bíonn coigilt níos ísle ar an iomlán mar thoradh air.

**Infheistíocht** – d'fhéadfadh go mbeadh sé níos lú ná an coigilteas agus go mbeadh sileadh sa chaiteachas dá bharr a laghdódh ioncam náisiúnta. Braitheann an leibhéal infheistíochta ar ionchais gnó níos mó ná ráta úis.

**Bhí fadhb ag Keynes le Dlí Say** a deir gur chruthaigh an soláthar sin éileamh.
Chreid Keynes a mhalairt – go socraíonn an t-éileamh an t-aschur (agus mura gcaitheann daoine go leor airgid, go mbíonn dífhostaíocht ann).


**5. (a)**

Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **iomaíocht neamhfhoirfe**.

**4 @ 2**

(i)

| Uimhir | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Lipéad | Costas Imeallach | Meánchostas | Ioncam Imeallach | Éileamh / Meánioncam |




**(b)**

(ii) $P_1$ / $C_1$ / $Q_1$

(iii) Níl an gnólacht ag tuilleamh brabús osnormálta ach brabús normálta
Is mar seo atá toisc go dtáirgeann an gnólacht san áit go bhfuil MI=MCh.

**3 @ 1**
**2**
**3**


| | | |
|---|---|---|
| **6.** | Ciallaíonn **Limistéar Saorthrádála** gur féidir le ballstáit trádáil go héasca gan taraifí / bacainní a bheith á ngearradh ar a chéile.<br><br>Tá **Aontas Custaim** níos casta ná limistéar saorthrádála. In aontas custaim, aontaíonn ballstáit trádáil a dhéanamh go saor agus gearrann siad taraifí comhionanna ar thíortha atá lasmuigh den aontas custaim. | **11 + 6** |
| **7.**<br>**(a)** | Ráta neasach Fiachais an Rialtais i gcoibhneas le OTI **70%**<br><br>Ráta neasach na Dífhostaíochta **6%** | **5 + 4** |
| **(b)** | De bharr fás eacnamaíoch méadaithe tá laghdú tagtha ar an ráta fiachais i gcoibhneas le OTI.<br><br>Leanann an laghdú sa dífhostaíocht de réir mar a mhéadaíonn fás eacnamaíoch agus téann an eacnamaíocht i dtreo fostaíocht iomlán. | **4 + 4** |
| **8.** | **Buntáistí**<br>**Méadú ar ioncam indiúscartha/feabhas ar chaighdeán maireachtála.** Tuillfidh fostaithe ioncam níos airde agus mar sin beidh siad in ann níos mó a chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí, cuirfidh sé seo feabhas ar a gcaighdeán maireachtála.<br><br>**Dreasacht chun oibre / níos lú eisimirce/ méadú san inimirce.** De bharr go mbeidh feabhas tagtha ar choinníollacha oibre in Éirinn beidh níos lú dreasachta do dhaoine fostaíocht a lorg thar lear. Beidh níos mó dreasachta d'imircigh teacht go hÉirinn ó thíortha eile chomh maith. Luachanna saothair níos fearr d'fhostaithe / lucht oibre níos táirgiúla.<br><br>**Níos cothroime.** Dáileadh ioncaim níos cothroime i measc an daonra. Luach saothair níos fearr á thabhairt ar iarrachtaí fostaithe ar mheánioncam a bhíonn faoi bhrú, toisc go ngearrfar cáin ioncaim ar fhormhór an ioncaim i mbanda íochtarach.<br><br>**Éileamh tomhaltóra níos mó/ Éifeacht an Iolraitheora.** Is féidir éileamh comhiomláin níos fearr a bhaint amach d'eacnamaíocht na hÉireann toisc go laghdaíonn cánachas laghdaithe méid tsilidh ón sreabhadh ciorclach ioncaim agus aisiompaíonn sé éifeacht dhiúltach an iolraitheora.<br><br>**Brú laghdaithe ar éilimh phá.** Beidh méadú ar fhíorioncam na bhfostaithe toisc go mbeidh méadú ar an méid pá a thugann siad abhaile, cé nach mbeidh méadú ar an ráta ainmniúil pá. D'fhéadfadh sé nach lorgódh fostaithe méaduithe pá. | **1 @ 9**<br>**1 @ 4**<br>**grádaithe** |
| | **Míbhuntáiste**<br><br>**Níos lú ioncaim ag an rialtais ó chánachas.** De réir mar a mhéadaíonn an rialtas an tairseach, cáileoidh níos lú d'ioncam na ndaoine le haghaidh cánach ag an ráta ard, dá bharr seo gheobhaidh an rialtas níos lú cánach ó na hoibrithe seo. Deischostas.<br><br>**Tionchar diúltach ar chomhardú na n-íocaíochtaí.** D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar chomhardú na n-íocaíochtaí ar an gcuntas reatha toisc gur dócha go méadóidh daoine ag a bhfuil glanphá méadaithe tomhaltas earraí agus seirbhísí. Tiocfaidh roinnt de na hearraí agus na seirbhísí seo ó thíortha eile, beidh tionchar diúltach aige seo ar chomhardú íocaíochtaí na hÉireann. | **4** |



| | | |
|---|---|---|
| 9. (a) | **Lucht saothair méadaithe/ lucht oibre níos sláintiúla ar fáil de bharr dul chun cinn sa leigheas/ cabhraíonn sé le ganntanais sa lucht saothair a líonadh.** Dá mhó an lucht saothair is ea is mó oibrithe a bhíonn ar fáil chun oibriú in earnálacha difriúla an gheilleagair, go hairithe iad siúd ina bhfuil ganntanais lucht saothair.<br><br>**Seit scileanna agus taithí luachmhar** Cuireann oibrithe le níos mó taithí taithí luachmhar agus seit scileanna ar fáil. D'fhéadfadh nach mbeidís seo ar fáil ó oibrithe eile sna hearnálacha seo.<br><br>**Breis ioncaim don rialtas ó cháin ioncaim.** Le lucht saothair méadaithe bíonn níos mó daoine ag tuilleamh ioncaim agus mar sin íoctar níos mó cáin ioncaim. Beidh na hioncaim a thuilleann oibrithe le níos mó taithí níos airde ná iontrálaithe nua sa ghairm agus mar sin gheobhaidh an rialtas ioncam níos mó ón réim chánach uachtarach.<br><br>**Laghdú ar chaiteachas an rialtais ar phinsin go gearrthéarmach.** De bharr go leanann oibrithe ar aghaidh ag obair thar an aois ar féidir leo an pinsean stáit a éileamh, cuireann sé siar an dáta a chaithfidh an rialtas a bpinsin a íoc leo.<br><br>**Aitheantas ar chuid luachmhar den tsochaí/ coinneáil agus roinnt saíocht eagraíochta/ luach ar eolas agus ar thaithí.** Dea-thionchar ar fhéinmheas fhostaithe níos sine nuair a ghlacann siad róil mheantóireachta chomh maith le buntáistí d'oibrithe níos óige ó thaobh saineolais a fhaightear ó oibrithe le níos mó taithí.<br><br>**Feabhas ar chóimheas cleithiúnais** nuair a bheadh níos lú daoine scortha a dteastaíonn pinsin uathu agus níos mó daoine ag obair laghdófaí an t-ualach cánach orthu siúd a bheadh ag obair. | **1 @ 9**<br>**1 @ 4**<br>**grádaithe** |
| (b) | **Scéimeanna breisithe pinsin.** D'fhéadfadh an rialtas breisiú ar phinsin daoine a ofráil nuair a éiríonn siad as, ag glacadh leis go n-oibríonn siad íosmhéid áirithe blianta thar cionn na haoise scoir inphinsin.<br><br>**Buntáistí cánach.** D'fhéadfadh an rialtas buntáistí cánach a ofráil do dhaoine aonair/gnólachtaí a oibríonn/ a fhostaíonn thar cionn na haoise scoir inphhinsin.<br><br>**Socruithe oibre níos solúbtha a ofráil.** D'fhéadfaí uaireanta oibre ní ba sholúbtha a thairiscint d'oibrithe san earnáil phoiblí atá os cionn na haoise scoir inphinsin amhail uaireanta páirtaimseartha, postroinnt nó obair ón mbaile chun go mbeidh sé ar a gcumas róil chúraim agus róil eile a chomhlíonadh agus fostaíocht a choimeád freisin.<br><br>**Infheistíocht in oideachas agus in oiliúint ar feadh an tsaoil.** Má ofráiltear forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne le níos mó taithí d'fhéadfadh sé go mbeidís in ann scileanna nua a fhorbairt agus beocht nua a chur sa saol oibre.<br><br>**Infheistíocht in oifigí nó urláir monarchana a athdhearadh.** D'fhéadfadh timpeallachtaí oibre le dearadh níos eirgeanamaíche cur ar chumas oibrithe oibriú ar feadh tréimhse níos faide.<br><br>**Cur chun cinn cultúr oibre atá ionchuimsitheach i dtaobh daoine ar aoiseanna éagsúla.** D'fhéadfadh an rialtas/gnólachtaí tionscnaimh a reáchtáil chun daoine níos sine a chur chun cinn san áit oibre a mbeadh athrú cultúir mar thoradh air a d'aithneodh agus a chuirfeadh luach leis an gcion a thugann oibrithe níos sine.<br><br>**Deireadh a chur leis an aois scoir reachtúil / an aois scoir reachtúil a ardú** agus ligean do na hoibrithe a dteastaíonn uathu oibriú leanúint ar aghaidh ag oibriú. | **4** |


# ROINN B

| C1 Éileamh, Cothromaíocht sa Mhargadh, Rialú Cíosa |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | | |
| (i) | Tagraíonn **éileamh aonair** don líon táirge nó seirbhíse a éilíonn tomhaltóirí aonair ag praghsanna difriúla. | 5 |
| | Tagraíonn **éileamh an mhargaidh** don líon comhiomlán táirge nó seirbhíse a éilíonn gach tomhaltóir i margadh ag praghsanna difriúla. | 5 |
| (ii) | • Athrú i dtoighis / roghanna tomhaltóirí chun go mbeidís níos airí dá sláinte agus go nglacfaidís freagracht as a sláinte féin. Feidhmiúlacht fheabhsaithe an uaireadóra / feabhsúcháin sa teicneolaíocht a chuireann le mian na dtomhaltóirí an táirge a bheith acu. Feachtas fógraíochta rathúil na dtáirgeoirí.<br>• Méadú ar ioncam na dtomhaltóirí / muinín na dtomhaltóirí Bíonn níos mó ioncam lánroghnach ag tomhaltóirí a ligeann leo níos mó só-earraí a cheannach.<br>• Laghdú ar phraghas an uaireadóra, de réir mar a thiteann an praghas méadóidh an líon a éilítear.<br>• Laghdú ar phraghas earra chomhlántaigh e.g. d'fhéadfadh fóin / táibléid an mhian atá ag tomhaltóirí uaireadóir corpacmhainne a bheith acu a mhéadú. Athrú ar phraghas uaireadóirí corpacmhainne ionadaíocha do bhranda ar leith.<br>• D'fhéadfadh sé go rachadh ionchas go méadóidh an praghas sa todhchaí i bhfeidhm ar an éileamh reatha ar uaireadóirí corpacmhainne.<br>• D'fhéadfadh tionscnaimh sláinte rialtais a spreagann daoine chun a bheith aclaí daoine a spreagadh le huaireadóirí corpacmhainne a éileamh. | 3 @ 5 (2+3)<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b) (i)** | <br><br>• Laghdaíonn an easpa báistí an barra prátaí atá mar amhábhar i dtáirgeadh brioscáin.<br>• Bogfaidh an cuar soláthair le haghaidh brioscáin ar chlé ó S1 go dtí S2 dá bharr seo.<br>• Ardóidh an praghas ó P1 go dtí P2.<br>• Titfidh an líon ó C1 go dtí C2.<br><br>**É1, S1, S2, Léiriú ar phraghas cothromaíochta níos airde agus cainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann**<br>**Tagairt d'infhaighteacht laghdaithe na n-amhábhair ag laghdú an tsoláthair: 2 mharc.**<br>**Bogann S/Cost ar chlé, P níos airde, C níos ísle 1 mharc an ceann.** | **Léaráid: 5 Mharc**<br><br>**Míniú: 5 Mharc** |

| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | <br>• Cruthóidh na hagóidí in aghaidh an táirge poiblíocht dhiúltach don táirge rud a laghdóidh an t-éileamh atá ag tomhaltóirí air.<br>• Bogfaidh cuar an éilimh le haghaidh brioscán ar chlé ó É1 go dtí É2 dá bharr seo.<br>• Titfidh an praghas ó P1 go dtí P2.<br>• Laghdóidh an chainníocht ó C1 go dtí C2.<br>**S1, É1, É2, Léiriú ar phraghas cothromaíochta níos ísle agus cainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann**<br>**Tagairt do phoiblíocht dhiúltach ag laghdú éilimh: 2 mharc.**<br>**Bogann É/Cost ar chlé/ P Níos Ísle / C Níos Ísle: 1 mharc an ceann.** | **Léaráid: 5 Mharc**<br><br>**Míniú: 5 Mharc** |
| **(iii)** | <br>• Is íocaíocht ón rialtas le táirgeadh earra a spreagadh an fóirdheontas.<br>• Bogfaidh an íocaíocht seo cuar an tsoláthair ar dheis ó S1 go dtí S2.<br>• Laghdóidh an praghas ó P1 go dtí P2<br>• Laghdóidh an chainníocht ó C1 go dtí C2.<br>**É1, S1, S2, Léiriú ar phraghas cothromaíochta níos ísle agus cainníocht níos airde: 1 mharc an ceann**<br>**Tagairt d'fhóirdheontas ag laghdú an chostais táirgeachta: 2 mharc.**<br>**Bogann S/Cost ar dheis, P Níos Ísle, C Níos Airde: 1 mharc an ceann.** | **Léaráid: 5 Mharc**<br><br>**Míniú: 5 Mharc**<br><br>**30** |


| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) |  | |
| (i) | Tá an praghas teoranta / socraithe ag leibhéal $P_{Uas}$.<br>Titeann an leibhéal praghais ó leibhéal na cothromaíochta $P_c$ go dtí an teorainn nua $P_{Uas.}$<br>Laghdaigh an chainníocht a soláthraíodh ó líon na cothromaíochta, 400,000 go dtí 200,000<br>Mhéadaigh an chainníocht a éilíodh ó líon na cothromaíochta, 400,000 go dtí 600,000.<br>Cruthaíonn sé sin ró-éileamh/ganntanas 400,000 (600,000 – 200,000). | **12 grádaithe** |
| (ii) | **Caighdeán maireachtála níos fearr le haghaidh tomhaltóirí.** Bíonn barrachas ioncaim fágtha ag na tomhaltóirí a n-éiríonn leo réadmhaoin a fháil ar cíos ag an leibhéal laghdaithe nua seo ar féidir leo a úsáid ar earraí agus ar sheirbhísí eile agus leis sin feabhsaítear a gcaighdeán maireachtála. Níos lú dúshaothrú.<br>**Cruthaítear ró-éileamh.** Ós rud é go bhfuil sé ar phraghas níos réasúnta méadóidh an chainníocht réadmhaoine a éilítear. Mar sin féin, de bharr nach mbeidh an méid céanna ioncaim ag na tiarnaí talún ó áitreabh a chur ar cíos, laghdóidh an chainníocht a sholáthraítear agus beidh ró-éileamh mar thoradh air i.e. ganntanas réadmhaoine le tógáil ar cíos. Méadú ar easpa tithíochta agus bheadh ar an rialtas cóiríocht a chur ar fáil.<br>**Laghdú ar líon na dtiarnaí talún.** De bharr go dtuillfidh tiarnaí talún ioncam laghdaithe as a réadmhaoin a scaoileadh ar cíos, beidh níos lú seans go ndéanfaidh siad amhlaidh agus mar sin beidh laghdú ar an méid réadmhaoine atá ar fáil le tógáil ar cíos.<br>**Caighdeán na cóiríochta imithe i laghad.** De bharr go dtuillfidh tiarnaí talún ioncam laghdaithe as a réadmhaoin a scaoileadh ar cíos, beidh níos lú seans go ndéanfaidh siad infheistíocht i gcothabháil a réadmhaoine chun go n-ísleofaí a gcostais.<br>**Méadú ar ghníomhaíocht sa mhargadh dubh.** D’fhéadfaí níos mó áitreabh a chur ar cíos do thionóntaí go mídhleathach ar an margadh dubh agus nach bhfógrófar é ar chúiseanna cánacha. Dáileadh de réir mhianta an díoltóra.<br>**Méadú ar chostais fóntais.** D’fhéadfadh tiarnaí talún iarracht a dhéanamh na rialacháin nua a sheachaint trí na praghsanna a ghearrann siad ar earraí a bhaineann leis an áitreabh a ardú, ar nós costas a ghearradh ar thionóntaí le haghaidh úsáid spásanna páirceála etc. | **2 x 4 (2+2)**<br><br>**20** |

## C2 Monaplacht

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Saintréithe de mhargadh monaplachta: | |
| **(i)** | **1.** Is é an gnólacht an t-aon soláthraí amháin sa tionscal. Tá aschur an ghnólachta cothrom le haschur an tionscail.<br>**2.** Déanann an gnólacht iarracht brabús a uasmhéadú trí tháirgeadh san áit go bhfuil CI=II agus go ngearrann CI (an costas imeallach) II (an t-ioncam imeallach) ón mbun.<br>**3.** Bíonn smacht ag an ngnólacht ar an bpraghas nó ar an gcainníocht ach ní féidir leis an dá cheann a smachtú.<br>**4.** Is ann do bhacainní arda ar iontráil agus cuireann siad seo cosc ar ghnólachtaí nua ag teacht isteach sa tionscal a d'fhéadfadh suíomh an mhonaplaí a chur i mbaol.<br>**5.** Díoltar earra uathúil ionas nach féidir le tomhaltóirí aon ionadaí a fháil don earra e.g. níl aon ionadaí ann do na seirbhísí a chuireann Iarnród Éireann ar fáil mar sin is cás monaplachta atá i gceist. | **3 @ 5**<br>**(2 + 3)** |
| **(ii)** | Caithfear méid áirithe monaplachta/ cumhacht mhargaidh (an méid cumhachta atá ag soláthraí ar shocrú praghsanna ar bhonn an sciar den mhargadh atá acu) a bheith i gceist chun go mbeidh sé ar chumas na dtáirgeoirí praghas a shocrú seachas praghas a thógáil.<br>Dá mbeadh gnólachtaí iomaíocha ag díol earraí ionadacha sa tionscal, d'fhéadfaidís praghas níos ísle a ghearradh, chuirfeadh sé seo deireadh leis an éileamh ar fad agus leis an mbrabús osnormálta sa mhargadh níos costasaí. | **5**<br>**grádaithe**<br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|

**(b) (i)**




| Ais Phraghais | Ais na Cainníochta | É=MI | II | CI | MCh | Pointe Cothromaíochta C | $P_1$ | $C_1$ | $Cost_1$ | BOnna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**11 (11@1)**

**Míniú**

**9 (9 @ 1)**

1. Cothromaíocht
   - Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe Coth san áit go bhfuil
   - CI = II [agus CI ag ardú]
2. Praghas / Aschur
   - Táirgeann an gnólacht $C_1$
   - agus díolann sé é ag $P_1$
3. Costas
   - Taispeántar an costas ag $Cost_1$ (pointe Y)
4. BO
   - Tá an gnólacht seo ag tuilleamh BO ($P_1$, $Cost_1$, Y, X)
   - mar go bhfuil MI > MCh nó is féidir leo leanúint ar aghaidh mar gheall ar chosc ar theacht isteach.
5. Neamhéifeachtúlacht
   - Níl an gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe is ísle ar an gcuar MCh.
   - Mar sin tá sé neamhéifeachtúil/ diomailteach ó thaobh acmhainní de.

**(ii)**

Sa struchtúr margaidh monaplachta tugann gnólachtaí aghaidh ar **chuar éilimh a chlaonann anuas**.
Is féidir le gnólachtaí an praghas nó an chainníocht a chinneadh / a shocrú ach ní iad araon. Cloíonn cuar an éilimh le dlí an éilimh, sa tslí agus go méadófaí cainníocht an éilimh caithfidh gnólachtaí an praghas a laghdú.

**5 (2+3)**

Sa struchtúr margaidh atá go huile agus go hiomlán iomaíoch tugann gnólachtaí aghaidh ar chuar éilimh atá **cothrománach** nó cuar **atá go hiomlán leaisteach**. Cinneann éileamh an mhargaidh agus an soláthar an praghas, caithfidh na gnólachtaí glacadh leis an bpraghas seo i.e. is tógálaí praghsanna é. Toisc go bhfuil gnólachtaí ag díol earraí aonchineálacha i gcainníochtaí neamhshuntasacha níl siad in ann tionchar a imirt ar phraghas an tionscail.

**5 (2+3)**


**30**


<table>
<tr><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(c)<br>(i)</td><td>Barainneachtaí scála (buntáistí costais) – d’fhéadfadh gnólachtaí móra tairbhe a bhaint as laghduithe ina meán-chostais iomlána de réir mar a mhéadaíonn siad a scála táirgiúlachta/méid. Ní tharlódh na laghduithe costais seo dá mbeidís ní ba lú agus iad ag iarraidh dul in iomaíocht le gnólachtaí eile e.g. laghdaíonn Amazon costais táirgeachta in aghaidh an aonaid trí trádstórais mhóra a úsáid agus mar go bhfuil an siopa ar líne.<br><br>BO a úsáidtear le haghaidh Taighde agus Forbairt (éifeachtúlacht dhinimiciúil) – is féidir le gnólachtaí móra méid mór brabúis osnormálta a thuilleamh ar féidir leo a úsáid chun athinfheistíocht a dhéanamh sa ghnólacht i bhfoirm taighde agus forbartha, rud a chiallaíonn go mbíonn an gnólacht níos éifeachtúla le himeacht ama. D’fhéadfadh go mbeadh táirgí níos fearr á dtáirgeadh ar phraghsanna níos ísle seans mar thoradh ar infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt. Is gá do ghnólachtaí áit cheannasach a bheith acu ionas gur féidir leo glacadh leis an riosca a bhaineann le nuálaíocht táirgí, e.g. infheistíonn Samsung agus Apple méid mór ina dtáirgí a uasdátú agus a fheabhsú chun ceannas margaidh leanúnach a chinntiú.<br><br>Níos lú diomailte acmhainní ganna ó chóipeáil gan ghá – toisc go mbíonn ceannas ag gnólachtaí móra ar an tionscal cuirtear níos lú acmhainní amú ná dá mbeadh níos mó gnólachtaí ag iarraidh an táirge céanna a tháirgeadh sa tionscal céanna, e.g. is beag gnólacht ar féidir leo dúshlán Amazon a thabhairt agus mar sin ní chuirtear acmhainní amú.<br><br>Fostaíocht shocair agus mhealltach – ní bhíonn iomaíocht ag gnólachtaí móra ó fhreasúra dar fiú a lua toisc go bhfuil bacainní móra ar dhul isteach sa tionscal mar sin ní bhíonn ach gnólacht amháin óna féidir le tomhaltóirí ceannach. Ciallaíonn sé sin go mb’fhéidir go mbeadh tionacht iontaofa ag fostaithe a oibríonn don chomhlacht agus go mbeadh coinníollacha pá maithe acu e.g. is é Google an t-inneall cuardaigh is ceannasaí agus dá fhad agus a bhíonn an cás amhlaidh ní bheidh baol iomarcaíochta ar fhostaithe.<br><br>Soláthar ráthaithe – de bharr gur beag comórtas atá acu agus gur féidir leo táirgeadh gan iomaíocht le haghaidh tréimhse ama gan teorainn chinnte cinntíonn siad go bhfuil ráthaíocht ag na tomhaltóirí go bhfaighidh siad an táirge, e.g. tá ceannas ag Amazon agus Ebay ar an margadh ar líne agus tá bonn mór custaiméirí acu a chinntíonn go bhfuil a seirbhís ráthaithe.<br><br>Cur le hairgeadas an stáit – cuireann na gnólachtaí seo méid suntasach cánach ar fáil don stáit i bhfoirm Cánachas Brabús Corparáideach. Íocann a bhfostaithe breis agus aon chúigiú d’iomlán na cánach ioncaim sa stát.<br><br>Teastaíonn sampla i cás gach buntáiste</td><td>1 @ 9<br>2 @ 4</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Praghsanna laghdaithe – déanfaidh rialúchán frithiomaíoch iarracht díriú ar an gclaonadh a bhíonn ag monaplaí praghsanna atá ró-ard a ghearradh ar thomhaltóirí. Is féidir le rialaitheoirí caidhpeanna praghais a chur i bhfeidhm chun iallach a chur ar ghnólachtaí praghsanna níos ísle a ghearradh.<br><br>Cainníocht/rogha mhéadaithe – claonann monaplachtaí i dtreo méid níos lú a tháirgeadh ná an leibhéal leithroinnte/táirgthe éifeachtúil sa gheilleagar. D’fhéadfadh rialaitheoirí brú a chur ar ghnólachtaí cainníochtaí níos mó a thairgeadh.<br><br>D’fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar leibhéil fostaíochta trí ghnólachtaí nua ag teacht isteach / athstruchtúrú gnólachta atá ann cheana – d’fhéadfadh díolacháin agus brabúis laghdaithe a bheith ag gnólachtaí atá ann agus d’fhéadfadh fostaithe a bpoist a chailliúint.<br><br>Seirbhís níos measa – agus an tionscal athraithe d’fhéadfadh níos lú rogha / seirbhís níos measa agus táillí ‘dofheicthe’ níos airde a bheith i gceist.</td><td>2 x 4<br><br>25</td></tr>
</table>

| C3 Leaisteachas |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | **Praghasleaisteachas an Éilimh:** tagraíonn sé do fhreagrúlacht na cainníochta a éilítear i dtaobh athrú ar phraghas an earra féin / tagraíonn sé d'athrú comhréireach ar an gcainníocht ina n-éilítear earra mar fhreagra ar athrú comhréireach ar phraghas an earra féin. | **5** |
| (ii) | **Marthanacht** – dá mharthana é an táirge is ea is mó a bheidh praghasleaisteachas a éilimh. Má mhéadaíonn praghas táirge mharthanaigh beidh laghdú níos mó ná comhréireach ar an gcainníocht a éilítear de bharr gur féidir le tomhaltóirí a athsholáthar a chur ar an méar fhada, leanúint ar aghaidh ag úsáid an táirge atá acu cheana agus fanacht go dtitfidh an praghas, e.g. bíonn saolré fhada ag meaisíní níocháin agus mar sin tá siad freagrúil maidir le hathruithe ar phraghas / níos leaistí.<br><br>**Fáil ar ionadaithe cosúla** – dá mhéid ionadaithe atá ar fáil don táirge is ea is leaistí a bheidh a éileamh. Dá chosúla é an t-ionadaí is ea is mó a bheidh an leaisteachas. Má bhíonn méadú ar an bpraghas beidh laghdú níos mó ná comhréireach ar an gcainníocht a éilítear toisc go malartóidh tomhaltóirí chuig earra ailtéarnach atá cosúil leis nach bhfuil a phraghas méadaithe, e.g. im go margairín.<br><br>**An ceann is saoire de dhá earra chomhlántacha** – má bhíonn an t-earra ar an gceann is saoire as dhá earra chomhlántacha beidh éileamh neamhleaisteach aige de ghnáth. Tá sin amhlaidh toisc má bhíonn tá an t-earra níos costasaí ceannaithe ag tomhaltóir cheana bíonn níos lú imní orthu má mhéadaíonn praghas an earra níos saoire, e.g. ní bheidh liathróidí gailf chomh freagrúil i dtaobh athruithe praghas agus a bheidh maidí gailf.<br><br>**An t-am a cheadaítear le haghaidh dul in oiriúint d'athruithe praghas** – dá mhéid ama a bhíonn ag an tomhaltóir a bpátrúin tomhaltais a chur in oiriúint d'athruithe ar phraghas an earra/na seirbhíse is ea is leaistí a bheidh a n-éileamh ar an táirge i.e. éiríonn PED níos leaistí le himeacht ama. D'fhéadfadh tionchar teoranta a bheith ag praghas méadaithe leictreachais ar éileamh go gearrthéarmach ach le himeacht ama d'fhéadfadh tomhaltóirí ionadaíocht a dhéanamh le cineálacha fuinnimh eile e.g. téamh lárnach gáis.<br><br>**Só-earra nó earra riachtanach** – má tá an t-earra riachtanach beidh PED neamhleaisteach toisc nach mbeidh tomhaltóirí freagrúil maidir le hathruithe ar phraghsanna. Más só-earra a bhíonn i gceist beidh a PED leaisteach toisc go bhféadfadh tomhaltóirí a bheith fíor-fhreagrúil maidir le hathruithe ar phraghsanna, e.g. beidh tomhaltóirí níos freagrúla maidir le hathruithe ar phraghas taoschnó ná ar phraghas aráin.<br><br>**Dílseacht branda** – Dá dhílse a bhíonn tomhaltóirí agus iad ag ceannach branda áirithe de tháirge is ea is leaistí a bheidh a n-éileamh i dtaobh athruithe praghais an earra sin, e.g. bíonn roinnt tomhaltóirí an-dílis do bhranda Apple agus mar sin bíonn siad neamh-fhreagrúil i dtaobh athruithe ar phraghsanna.<br><br>**Céatadán ioncaim iomláin a chaitear ar thairge** – dá mhéad an céatadán ioncaim a chaitheann tomhaltóir ar earra/seirbhís is ea is leaistí a bheidh a n-éileamh i dtaobh athruithe ar phraghas an earra sin. e.g. glacann praghas cairr céatadán níos airde de chuid ioncam tomhaltóra ná praghas peann luaidhe mar sin beidh siad níos freagrúla maidir le hathruithe ar phraghas an chairr ná ar phraghas an phinn luaidhe.<br><br>**Ionchas go n-athróidh praghas sa todhchaí** – má bhíonn tomhaltóir ag ceapadh go dtitfidh an praghas sa todhchaí, is ea is neamhleaistí a bheidh a n-éileamh i dtaobh laghduithe ar phraghsanna reatha, e.g. má bhíonn praghsanna tithe ag titim agus go mbraitheann an tomhaltóir nach bhfuil an praghas is ísle sroichte go fóill, d'fhéadfaidís fanacht le go laghdóidh praghsanna níos mó sula gceannaíonn siad. | **2 @ 6**<br>**2 @ 4**<br><br>Sampla De dhíth i ngach pointe<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)**<br>**(i)** | - **baineann 0.1 le héileamh taistealaithe gnó ar thicéid aerthaistil** toisc go bhfuil éilimh praghas-neamhleaisteach acu. Is beag rogha ailtéarnacha atá acu, mar sin nuair a mhéadaíonn praghas an earra, titeann an chainníocht a éilítear méid atá níos lú ná comhréireach. | **5**<br>**(2+3)** |
| | - **baineann 2.4 le héileamh lucht saoire ar thicéid aerthaistil** toisc go bhfuil éileamh praghasleaisteach acu. Breathnaíonn siad air seo mar shó-chaiteachas agus mar sin d'fhéadfadh nach gceannóidís é má mhéadaíonn a phraghas, d'fhéadfadh go lorgóidís ceann scríbe difriúil, modhanna iompair ailtéarnacha nó déanamh gan é go hiomlán. Nuair a mhéadaíonn praghas an earra titeann an chainníocht a éilítear chomh maith faoi mhéid a bhíonn níos mó ná comhréireach. | **5**<br>**(2+3)** |
| **(ii)** | **<u>Léaráid 1: Éileamh Neamhleaisteach</u>**    **<u>Léaráid 2: Éileamh leaisteach</u>** | **Léaráidí:**<br>**2 @ 6**<br>**(2 +2+2)** |




| | | |
|---|---|---|
| | **Léaráid 1.**<br>Taispeántar cuar éilimh atá sách neamhleaisteach áit a bhfuil PED <1.<br>Ciallaíonn sé seo go mbeidh an céatadán athraithe i gcainníocht a éilítear níos lú ná an céatadán athraithe i bpraghas an earra/na seirbhíse. | **2** |
| | **Léaráid 2.**<br>Taispeántar cuar éilimh atá sách leaisteach áit a bhfuil PED >1<br>Ciallaíonn sé seo go mbeidh an céatadán athraithe i gcainníocht a éilítear níos mó ná an céatadán athraithe i bpraghas an earra/na seirbhíse. | **2** |

| | | |
|---|---|---|
| **(iii)** | **Tomhaltóirí le héileamh praghas-neamhleaisteach**<br>Dá méadófaí an praghas do thaistealaithe gnó bheadh an laghdú ar chainníocht an éilimh níos lú ná comhréireach leis an méadú praghais agus mar sin ghnóthódh an gnólacht ioncam.<br><br>**Tomhaltóirí le héileamh praghasleaisteach**<br>Dá méadófaí praghas do lucht saoire bheadh an laghdú ar chainníocht an éilimh níos mó ná comhréireach leis an méadú praghais agus mar sin chaillfeadh an gnólacht ioncam. | **2**<br><br><br>**2**<br>**30** |

| | **Freagraí féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|
| **(c)**<br>**(i)** | $\frac{\Delta Qd_X}{\Delta P_T} \times \frac{PT1 + PT2}{Qd_{X1} + Qd_{X2}}$<br><br>$\frac{-15{,}000}{-150} \times \frac{500 + 350\ (850)}{10{,}000 + 25{,}000\ (35{,}000)} = +2.42857 = +2.43$<br><br>Is earraí ionadacha iad seo. Tá CED + / deimhneach acu.<br>De réir mar a laghdaíonn praghas an ghléis táibléid (ó €500 go dtí €350) laghdaíonn an chainníocht d’earra X a éilítear (níos mó ná comhréireach, ó 25,000 go dtí 10,000). Ciallaíonn sé seo gur ionadaithe cosúla iad na hearraí i.e. earraí atá ina n-ionadaithe cosúla dá gcéile. De réir mar a laghdaíonn praghas ceann de na hearraí seo laghdaíonn an t-éileamh atá ar an gceann eile toisc go n-aistríonn tomhaltóirí ó cheann amháin go ceann eile. | **12**<br><br>**4 grádaithe** |
| **(ii)** | Ní bheadh. Tabharfaidh leaisteachas an bunphraghais idir na hearraí seo comhartha diúltach toisc go bhfuil comhéileamh ar na hearraí. Is earraí comhlántacha iad. Mar sin, má laghdaíonn praghas ceann amháin méadaíonn cainníocht éilimh an earra eile. | **4 grádaithe**<br><br>**20** |

| **Q4 Tosca Táirgeachta agus Costas Táirgeachta** |
|---|

| | **Freagraí féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** | Meánchostas<br>An costas in aghaidh gach aonaid aschuir a tháirgtear. Ríomhtar é tríd an gcostas iomlán a roinnt ar an gcainníocht.<br><br>Costas imeallach<br>An costas breise ar aonad aschuir breise a tháirgeadh.<br><br>Ráta fostaíochta<br>Tagraíonn sé seo do gach duine sa lucht saothair atá fostaithe faoi láthair.<br>Cion de dhaonra na tíre atá in aois oibre atá fostaithe.<br><br>Ráta rannpháirtíochta<br>Tagraíonn sé seo dóibh siúd ar fad atá sa lucht saothair, idir aois 16-66, atá toilteanach agus ábalta oibriú ag rátaí pá reatha i.e. tá siad fostaithe nó ag lorg oibre.<br><br>Táirge fisiceach imeallach<br>Tagraíonn sé seo don aschur breise a tháirgtear ó aonad breise de thoisc táirgeachta a úsáid.<br><br>Táirge imeallach ioncaim<br>Tagraíonn sé seo d'ioncam breise a thuilleann gnólacht de bharr aonad breise de thoisc táirgeachta a úsáid. | **2 @ 6**<br>**2 @ 4** |
| **(ii)** | Dhá thoisc atá in ann tionchar a imirt ar an Táirge Imeallach Ioncaim an tSaothair.<br><br>Táirgeacht / tiomantas na toisce (agus an fhiontraí) – Tuillfidh toisc Táirge Imeallach Ioncaim níos mó dá tháirgiúla a bhíonn gach toisc bhreise a úsáidtear.<br><br>Costas díola an aschuir – Má bhíonn an praghas díola a fhaightear ar an margadh ag dul i méid nó tairiseach (seachas ag titim), is é an ceann is airde Táirge Imeallach Ioncaim na toisce sin.<br><br>Dlí an éilimh – Ar an margadh, éilíonn dlí an éilimh nach mór an praghas a laghdú d'fhonn níos mó a cheannach – imríonn sé seo tionchar ar Tháirge Imeallach Ioncaim an tSaothair a fhaigheann an gnólacht.<br><br>Caighdeán / Cineál speisialaithe na dtosca / Tallann uathúil – Má thagann feabhas ar chaighdeán na toisce a úsáidtear d'fhéadfadh an toisc sin éirí ní b'éifeachtúla – tháirgfeadh sé seo aschur breise agus bheadh Táirge Imeallach Ioncaim méadaithe le sonrú dá bharr.<br><br>Oiliúint / Oideachas curtha ar fáil le haghaidh na dtosca – Má bhíonn an lucht saothar níos oilte/má bhaineann sé dea-chaighdeán oideachais amach, d'fhéadfadh sé go bhfaighidh sé oiliúint bhreise agus go mbeadh sé seo ina bhunús le héifeachtacht mhéadaithe agus le haschur breise.<br><br>Dlí na dTorthaí Imeallacha Laghdaitheacha – De réir mar a bhaintear úsáid as gach aonad saothair breise, baintear pointe amach ina laghdóidh an t-aschur breise a tháirgtear agus tiocfaidh laghdú ar Tháirge Imeallach Ioncaim an tSaothair dá bharr. | **2 @ 5**<br>**(2 + 3)**<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b) (i)** | AVC + AFC = ATC<br><br>300 + 100 = 400 | **7** |
| **(ii)** | AVC + AFC = ATC x Q = TC<br>150 + 300 = 450 x 2 = 900 | **6** |
| **(iii)** | AVC + AFC = ATC x Q = TC<br>MC = $TC_5 - TC_4$<br><br>$TC_5$ = 240 +120 = 360 x 5 = 1800<br>TC4 = 187.5 + 150 = 337.50 x 4 = 1350<br><br>1800 – 1350 = 450 | **3** |
| **(iv)** | Táirgeann gnólacht áit a bhfuil MC = MR.<br>MR = 100 mar sin táirgeann an gnólacht áit a bhfuil MC = 100.<br>FC ar náid aonad = 600. VC = 0. TC = 600<br><br>$TC_1$ : 200 + 600 = 800 x 1 = 800<br>$TC_2$ : 150 + 300 = 450 x 2 = 900<br><br>$MC_{2:}$ 900 – 800 = 100.<br><br>Ba cheart go dtáirgeodh an gnólacht 2 aonad (toisc MC = MR = 100) | **4**<br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c)<br>(i) | **Brú ar phá a ardú / éileamh ar chúrsaí in Institiúidí Teicneolaíochta & in Ollscoileanna**<br>Mar a bhfuil ganntanas, d'fhéadfadh sé go mbeadh brú ar fhostóirí ráta pá a mhéadú chun an fórsa saothair reatha a choinneáil agus oibrithe nua a mhealladh. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí spriocanna táirgeachta a chomhlíonadh mar nach bhfuil sé d'acmhainn acu an méid céanna fostaithe a fhostú. D'fhéadfadh boilsciú de bharr costbhrú / éileamh ar chúrsaí ábhartha sa tríú leibhéal a bheith mar thoradh air.<br><br>**Fáil níos lú ar roinnt seirbhísí**<br>Má bhíonn ganntanas oibrithe le scileanna speisialaithe ann d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann seirbhísí áirithe a chur ar fáil.<br><br>**Meath ar chaighdeán na seirbhísí**<br>Má bhíonn ganntanas oibrithe speisialaithe ann, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh oibrithe nach bhfuil chomh cáilithe céanna seirbhísí ar fáil agus d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí poist ar phá níos ísle in aon chor.<br><br>**Méadú ar imirce**<br>Nuair a thuigeann oibrithe ó thíortha iasachta go bhfuil ganntanas lucht saothair agus pá atá ag ardú in Éirinn, d'fhéadfaidís teacht anseo ag lorg fostaíochta (agus tionchair na himirce).<br><br>**Suíomh nach bhfuil chomh tarraingteach le haghaidh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach**<br>Ar cheann de phríomhthréithe na hÉireann a mheallann infheistíocht ó thar lear tá ár lucht oibre dea-oilte, a labhraíonn Béarla agus atá ar fáil go héasca. Má bhíonn ganntanas lucht saothair oilte in earnálacha áirithe d'fhéadfadh go díspreagfadh sé infheistíocht ó thar lear.<br><br>**Tionchar diúltach ar tháirgiúlacht gnólachtaí Éireannacha.** D'fhulaing gnólachtaí dúchasacha laghduithe ar tháirgiúlacht an lucht saothair le blianta beaga anuas agus gnólachtaí eachtracha ag sárú na ngnólachtaí intíre ó thaobh táirgiúlachta de. De réir mar a thagann ganntanas scileanna aníos d'fhéadfadh go ngéaródh sé an fhadhb. | **3 @ 5<br>(2 + 3)** |
| (ii) | **Margadh saothair na hÉireann a oscailt suas / Córas víosaí níos éifeachtúla / Eisimircigh a spreagadh chun filleadh abhaile / Polasaithe inimirce a athrú / oibrithe atá ar scor a spreagadh le teacht ar ais**<br>D'fhéadfadh athruithe ar na rialacháin maidir le ceadúnais oibre, víosaí, etc., oibrithe a spreagadh le go lonnóidís in Éirinn go háirithe sna ceantair sin ina bhfuil ganntanas.<br><br>**Coinníollacha oibre / pá níos tarraingtí a chur ar fáil**<br>Má fheabhsaítear coinníollacha oibre agus pá spreagfar níos mó céimithe i ngairmeacha áirithe oibriú in Éirinn seachas dul thar lear. D'fhéadfadh go meallfadh sé eisimircigh ar ais go hÉirinn ó thar lear agus iad ag tabhairt a scileanna agus a dtaithí leo isteach i ngeilleagar na hÉireann.<br>Fáil ar thithíocht inacmhainne a fheabhsú.<br><br>**Deontais mhéadaithe do mhic léinn le haghaidh oideachais agus oiliúna i réimsí ina bhfuil ganntanas scileanna**<br>Cabhróidh sé an bhearna a líonadh sa mhargadh saothair nuair a bheidh níos mó céimithe ag cáiliú sna réimsí seo.<br><br>**Tionscnaimh rialtais: Íosphá méadaithe / Rátaí cáin ioncaim laghdaithe / creidmheasanna cánach méadaithe** Tríd an struchtúr cánachais a athrú d'fhéadfadh go gcruthófaí níos mó dreasachtaí le haghaidh daoine oilte chun teacht isteach i saol na hoibre. D'fhéadfaí roinnt oibrithe a mhealladh isteach i bpríomhréimsí tríd an íosphá a mhéadú.<br><br>**An rialtas ag tabhairt níos mó scéimeanna printíseachta isteach chun an réimse scileanna a fhairsingiú** Dá méadódh an méid scéimeanna printíseachta atá ar fáil in Éirinn thabharfaí níos mó deiseanna do dhaoine scileanna a bhfuil éileamh orthu sa gheilleagar a shealbhú. | **2 @ 5<br>(2 + 3)**<br><br>**25** |

| C5 Airgead agus Baincéireacht; agus Cuspóirí Rialtais |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | Dhá shaintréith den airgead:<br>Buanfasach – is gá go mairfeadh airgead ar feadh tréimhse fhada agus é sa chúrsaíocht.<br>Inroinnte – is féidir méideanna móra a bhriseadh síos ina méideanna níos lú chun a chur ar ár gcumas ceannaithe beaga a dhéanamh.<br>So-aitheanta – ba cheart fíor-airgeadra a aithint láithreach agus go mbeadh go leor tréithe aitheantais air.<br>Inghlactha – airgead dlíthairgthe is ea é chun gach earra agus seirbhís a cheannach.<br>Soghluaiste – is féidir airgead a iompar go héasca agus a aistriú ó dhuine amháin go dtí duine eile.<br>Gann – chun a chinntiú go gcaomhnaíonn airgead a luach caithfidh sé a bheith gann i gcoitinne / soláthar teoranta a bheith ann.<br>Aonchineálach – ba cheart go mbeadh gach ainmníocht airgid cosúil lena chéile. | **2 @ 5**<br>**(2 + 3)** |
| (ii) | (see table below) | **4 @ 5**<br>**(2 + 3)** |

| Buntáistí do thionscal na baincéireachta | Buntáistí do thomhaltóirí |
|---|---|
| **Níos lú gá le saothar**<br>Costais laghdaithe le haghaidh na mbanc toisc go mbíonn níos lú fostaithe de dhíth de bharr gur féidir go leor oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh leis an teicneolaíocht. | **Caoithiúlacht**<br>Ní ghlacann sé an méid céanna ama ar thomhaltóirí chun airgead leictreonach a úsáid e.g. íocaíochta gan tadhall nó baincéireacht ar líne. |
| **Éifeachtúlachtaí níos mó**<br>Éiríonn próisis bainc níos mire toisc go mbíonn níos lú bainistíocht airgid thirim i gceist agus toisc go dtarlaíonn níos mó próisis uathoibrithe ar líne. | **Níos saoire**<br>Tá sé níos saoire do chustaiméirí gnóthaí bainc a dhéanamh ar líne seachas seiceanna a úsáid. Níl aon chostas taistil chuig an mbanc agus uaidh i gceist. |
| **Níos brabúsaí**<br>De bharr costais laghdaithe foirne agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an soláthar seirbhíse, d’fhéadfadh sé go mbeadh tionscal na baincéireachta ní ba bhrabúsaí. | **Níos lú coiriúlachta**<br>Is féidir cártaí goidte a chur ar ceal ach ní féidir amhlaidh a dhéanamh le hairgead tirim. |
| | **Rian páipéarachais leictreonach**<br>Tá na bainc níos trédhearcaí don tomhaltóir. |
| | **Idirbheartaí idirnáisiúnta**<br>Níos fusa agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de do thomhaltóirí ceannach ar líne. |
| | |

| Míbhuntáistí do thionscal na baincéireachta | Míbhuntáistí do thomhaltóirí | |
|---|---|---|
| **Rioscaí slándála/haiceáil**<br>Is gá do bhainc a bheith níos airdeallaí i dtaca le slándáil ar líne de bharr na rioscaí suntasacha a bhaineann le haiceáil ar na bainc agus ar na tomhaltóirí ar líne. | **Deacair le húsáid** i gcás daoine nach bhfuil go maith ó thaobh na teicneolaíochta de, seandaoine go háirithe. | |
| **Ceisteanna cosanta sonraí**<br>Ina bpríomhréimse le haghaidh na seirbhísí ar líne ar fad anois de bharr GDPR. | **Rioscaí slándála/haiceáil**<br>Ní mór do thomhaltóirí a bheith airdeallach i dtaca le slándáil ar líne de bharr na rioscaí suntasacha a bhaineann le haiceáil ar thomhaltóirí. | |
| **Ceisteanna teicneolaíocha**<br>Éiríonn bainc níos leochailí de bharr teipeanna teicneolaíochta agus fadhbanna nascachta. Ní féidir idirbheart a dhéanamh má theipeann ar an teicneolaíocht. | **Ceisteanna teicneolaíocha**<br>Níl gnóthaí atá bunaithe ar airgead tirim i mbaol i dtaobh teipeanna teicneolaíocha sa tslí chéanna ina mbíonn gnóthaí gan airgead tirim. Má theipeann ar an teicneolaíocht, caillfidh an comhlacht amach ar ghnó go dtí go réitítear an fhabht. | |
| **Ceisteanna Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch**<br>Toisc go bhfuil an teicneolaíocht ag tógáil áit na n-oibrithe. | **Róchaitheamh féideartha / tob-cheannach**<br>Ciallaíonn áisiúlacht íocaíochtaí gan airgead tirim go mb'fhéidir go mbeadh claonadh níos mó ar thomhaltóirí róchaitheamh a dhéanamh / tob-cheannach a dhéanamh/ gan súil a choimeád ar chaiteachas. | |
| **Costas suiteála agus cothabhála**<br>Caithfidh na bainc an tsuiteáil / an t-uasdátú agus cothabháil na dteicneolaíochtaí nua a mhaoiniú. | | **30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b) | **Infheistíocht laghdaithe.**<br>Thiocfadh méadú ar rátaí iasachtaithe bainc mórshráide de bharr méadú ar an mbun-ráta úis agus mhéadódh sé sin costas iasachtaíochta agus bheadh claonadh níos lú ar infheisteoirí trealamh caipitil a cheannach nó infheistiú sa gheilleagar.<br><br>**Costas iasachtaíochta méadaithe/ Costas íocaíochtaí ús morgáiste méadaithe.**<br>Thiocfadh méadú ar rátaí iasachtaithe bainc mórshráide de bharr méadú ar an mbun-ráta úis agus mhéadódh sé sin costas iasachtaíochta agus bheadh claonadh níos lú ar dhaoine príobháideacha iasacht a thógáil le haghaidh úsáid phearsanta. Méadú ar an gcostas le freastal ar an bhFiachas Náisiúnta<br><br>**Dreasú le coigilt a dhéanamh méadaithe**<br>De réir mar a ardaíodh luach saothair as coigilt a dhéanamh fágfaidh daoine tomhaltas le fán ionas gur féidir leo toradh níos airde a fháil. Laghdaíonn an laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí an t-éileamh comhiomlán. Bíonn níos mó airgid ar fáil do bhainc chun iasachtaí a thabhairt d'iasachtaithe.<br><br>**Fás geilleagrach mall/ infheistíocht laghdaithe**<br>Agus tomhaltóirí ag caitheamh níos lú agus ag coigilt níos mó agus claonadh níos lú ar infheisteoirí infheistiú sa gheilleagar beidh tionchar maolaithe ar fhás eacnamaíoch.<br><br>**Dífhostaíocht ag méadú**<br>Agus tomhaltóirí ag caitheamh níos lú agus ag coigilt níos mó agus claonadh níos lú ar infheisteoirí infheistiú sa gheilleagar beidh éileamh níos lú ar earraí agus ar sheirbhísí agus mar sin beidh níos lú éilimh ar na hoibrithe a tháirgeann na hearraí agus na seirbhísí seo.<br><br>**Baol féimheachta pearsanta de bharr mainneachtain ar iasachtaí**<br>Dá n-ardódh rátaí úis d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé iallach ar iasachtóirí mainneachtain a dhéanamh ar a n-iasachtaí de bharr go mb'fhéidir nach mbeidís in ann a n-iasachtaí a aisíoc.<br><br>**Tabhair faoi deara: Caithfear freagraí a cheangail leis an timpeallacht geilleagrach mar atá faoi láthair** – rátaí úis ísle stairiúla reatha, geall le lánfhostaíocht, fás eacnamaíoch neamhchinnte, boilsciú íseal, eagla faoin mBreatimeacht/ fiachas ard go náisiúnta agus go haonarach / róbhorradh an gheilleagair/ fás caomhnaitheachta. | **4 @ 4**<br>**(2 + 2)**<br><br>**+**<br>**4**<br><br><br><br>**20** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | | |
| (i) | **Bíonn barrachas i mbuiséad an rialtais** nuair a sháraíonn ioncam reatha (iomlán) an rialtais caiteachas reatha (iomlán) an rialtais. Ciallaíonn barrachas buiséid go bhfuil airgead breise ag an rialtas ar féidir leis a úsáid. | 6 |
| (ii) | Is éard is **fiachas náisiúnta** ann ná an tsuim iomlán (charnach) d'iasachtaíocht an rialtais atá gan íoc (dlite).<br><br>Má bhíonn barrachas i mbuiséad an rialtais faoi láthair ciallaíonn sé go bhfuil **airgead breise ar fáil don rialtas chun an fiachas náisiúnta a íoc ar ais**, **laghdóidh sé seo an fiachas** do na glúine amach anseo agus laghdóidh sé an méid airgid a chaitear ag fónamh ar an bhfiachas. | 7 |
| (iii) | **Fiachas náisiúnta laghdaithe vs fás eacnamaíoch** Ionas gur féidir an fiachas náisiúnta a laghdú is gá don rialtas caiteachas rialtais a laghdú agus cánachas a mhéadú agus beidh tionchar maolaithe aige seo ar an eacnamaíocht a chuirfidh teorann le fás eacnamaíoch.<br><br>**Fiachas náisiúnta laghdaithe vs fostaíocht iomlán** Agus an rialtas ag gearradh níos mó cánach agus ag caitheamh níos lú sa gheilleagar beidh laghdú ar an éileamh comhiomlán agus mar sin beidh laghdú ar éileamh le haghaidh lucht saothair a tháirgeann na hearraí agus na seirbhísí seo.<br><br>**Fiachas náisiúnta laghdaithe vs infreastruchtúr feabhsaithe** Teastaíonn caiteachas caipitil mór ón rialtas le haghaidh infreastruchtúir, maoinítear é seo trí iasachtaíocht mhéadaithe de gnáth, rud a mhéadaíonn an fiachas náisiúnta. Más é an sprioc an fiachas náisiúnta a laghdú ní tharlóidh na feabhsuithe seo san infreastruchtúr.<br><br>**Fiachas náisiúnta laghdaithe vs forbairt chothromaithe réigiúnach** Agus an rialtas ag díriú ar an sprioc an fiachas náisiúnta a laghdú beidh claonadh níos lú air tabhairt faoi thionscadail dhaora nua chun forbairt réigiúnach a mhealladh ar fud na tíre.<br><br>**Fiachas náisiúnta laghdaithe vs athdháileadh saibhris** Más é príomhfhócas an rialtais an fiachas náisiúnta a laghdú, beidh cumas níos lú aige ioncam ó na daoine is saibhre sa tsochaí a athdháileadh ar na daoine is boichte de bharr go gcuirfear an t-ioncam sin i dtreo an fiachas náisiúnta a laghdú. | **2 @ 6 (3 + 3)**<br><br>**25** |

## 6 Boilsciú agus Iomaíochas Idirnáisiúnta

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | • Roghnaigh bonnbhliain ionadaíoch<br>• Déan cinneadh cé na hearraí ar cheart a chur san áireamh san innéacs praghsanna ilchodach<br>• Bailigh sonraí: aimsigh praghas gach earra le haghaidh gach tréimhse ama atáthar á mbreathnú<br>• Tóg innéacs simplí le haghaidh gach tráchtearra<br>• Faigh amach cé mhéid a chaitheann gnáth-thomhaltóir ar an earra mar chion d'ioncam iomlán i.e. cuirtear 'meáchan' le gach earra.<br>• Iolraigh an t-innéacs athruithe praghais (an t-innéacs praghsanna simplí) le haghaidh gach earra faoina meáchan ábhartha.<br>• Suimigh na hathruithe praghsanna go léir chun an t-athrú foriomlán ar phraghsanna a fháil. | **8 grádaithe** |
| (ii) | **An pá ainmniúil** is ea an pá airgid (an pá sula ndéantar coigeartú air le haghaidh boilsciú )<br>**An fíorphá** is ea an pá airgid coigeartaithe le haghaidh praghsanna/boilsciú. Is é seo cumhacht cheannaigh an airgid. | **2 @ 4** |
| (iii) | Fíorphá = Ráta ainmniúil - Ráta boilscithe<br>-0.2 – 0.3 = -0.5<br>1.2 – -0.3 = 1.5<br>1.1 – 0.0 = 1.1 | **9 grádaithe**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b) (i) | Tarlaíonn **boilsciú tarraingthe éilimh** nuair a bhíonn éileamh iomlán/comhiomlán earraí agus seirbhísí níos mó ná an soláthar iomlán/comhiomlán earraí agus seirbhísí. Bíonn ró-éileamh a tharraingíonn leibhéal an phraghais aníos. / Nuair nach féidir leis an ngeilleagar dóthain earraí agus seirbhísí a tháirgeadh chun freastal ar an éileamh, ardaíonn praghsanna.<br><br>Tarlaíonn **boilsciú de bharr costbhrú** nuair is é costas méadaitheach na dtosca táirgeachta atá mar fhoinse an bhrú in airde i.e. ardaíonn costais gan feabhas dá réir ar an táirgiúlacht. Cuirtear an t-ardú costas sin ar aghaidh chuig na tomhaltóirí mar phraghsanna níos airde. D'fhéadfadh go dtarlódh sé i bhfoirm boilsciú iompórtáilte chomh maith ina mbíonn méadú ar phraghsanna amhábhair a iompórtáiltear ó thar lear agus bíonn méadú ar phraghsanna táirgí críochnaithe sa mhargadh intíre dá bharr. | **5 (2 + 3)**<br><br>**5 (2 + 3)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | **Cailliúint cumhachta ceannaigh/ titim ar chaighdeán maireachtála.** De bharr go dteastaíonn méid airgid méadaithe anois chun an líon céanna earraí/seirbhísí a cheannach ciallaíonn sé go bhfuil cumhacht cheannaigh an tomhaltóra tite agus dá bhrí sin is féidir leo níos lú earraí a cheannach ná mar a bhí cheana agus bíonn caighdeán maireachtála níos ísle acu dá bharr.<br><br>**Cailliúint iomaíochais idirnáisiúnta.** Má tá boilsciú níos airde i dtír ná a comhpháirtithe trádála, ciallóidh sé go bhfuil sí ag cailliúint a cuid iomaíochais idirnáisiúnta. Ciallóidh sé seo go mbeidh sé níos deacra easpórtálacha a dhíol agus gur dócha go gceannóidh tomhaltóirí intíre iompórtálacha a ísleoidh comhardú na n-íocaíochtaí.<br><br>**Cailleann siad siúd atá ar ioncaim sheasta amach.** Fulaingeoidh daoine atá ar ioncaim sheasta (e.g. faighteoirí leasa) an méid is mó le linn tréimhsí boilscithe toisc go bhfulaingíonn siad an chailliúint cumhachta ceannaigh is mó.<br><br>**Díspreagtar coigilt mura n-ardaíonn rátaí úis.** Má bhíonn an ráta boilscithe níos mó ná an ráta úis ar choigiltis beidh claonadh níos lú ar thomhaltóirí coigilt a dhéanamh toisc go bhfuil luach á gcailliúint acu i ndáiríre. Mar sin féin, is dreasacht é do dhaoine iasachtaí a thógáil toisc go bhfuil laghdú tagtha ar aisíocaíochtaí iasachtaí i ndáiríre.<br><br>**Claonann infheistíocht i dtreo réadmhaoine** chun fálú in aghaidh boilsciú agus ó réimsí eile a d'fhéadfadh a bheith níos táirgiúla ó thaobh cruthú poist sa gheilleagar.<br><br>Tagann fadhb '**sracadh fioscach**' chun cinn mura ndéantar innéacsú ar rátaí cánach. De réir mar a tharlaíonn boilsciú pá d'fhéadfadh daoine aonaracha bogadh isteach sa chéad réim chánach eile, rud a chiallaíonn go n-íoctar sciar níos mó d'ioncam ar cháin agus mar sin íslítear a n-ioncaim i ndáiríre de réir mar a leanann praghsanna ag ardú.<br><br>**Méadaíonn éileamh ar phá** – d'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhostóirí aghaidh a thabhairt air seo de réir mar a lorgaíonn oibrithe cúiteamh ar a gcaighdeán laghdaithe maireachtála. Beidh costais bhreise dá bharr seo. | **3 @ 4**<br>**(2 + 2)** |
| **(iii)** | D'fhéadfadh boilsciú reatha ionchas a chruthú i measc tomhaltóirí go leanfaidh praghsanna ag titim níos mó sa todhchaí.<br><br>An freagra is fearr atá acu dá bharr sin ná tomhaltas a chur siar go dtí go dtiteann an praghas.<br><br>De réir mar a thiteann éileamh comhiomlán ar earraí agus ar sheirbhísí titeann an t-éileamh atá ar an saothar a tháirgeann é (síolraíonn an saothar ón éileamh).<br><br>De réir mar a thiteann an t-éileamh ar shaothar ardaíonn dífhostaíocht agus maolaíonn sé seo an t-éileamh sa gheilleagar níos mó, mar sin laghdaíonn sé fás eacnamaíoch sa gheilleagar (a chuireann brú síos ar phraghsanna agus géaraíonn sé seo an cás arís). | **8**<br>**grádaithe**<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | **Ganntanas i dtaobh tithíocht atá ar fáil agus a bhfuil praghas réasúnta air/ méaduithe ar phraghsanna réadmhaoine** – de bharr méaduithe ar phraghsanna réadmhaoine i gceantair forbartha infreastruchtúir méadaíonn costas táirgthe le haghaidh na ngnólachtaí a lonnaíonn sna ceantair seo, rud a laghdaíonn a n-iomaíochas idirnáisiúnta / laghdaíonn sé soghluaisteacht saothair isteach i réimsí ina dteastaíonn fostaithe chun inniúlacht táirgthe na hÉireann a fheabhsú / laghdú ar shoghluaisteacht saothair isteach i réimsí ina dteastaíonn fostaithe chun inniúlacht táirgthe na hÉireann a fheabhsú de bharr ganntanais/praghsanna tithíochta.<br><br>**Infreastruchtúr** – is ábhar imní i dtaobh iomaíochais an mhoill agus an costas ard ar chur i bhfeidhm an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta ar fud na tíre. Tá leathanbhanda iontaofa agus ar ardluas ríthábhachtach chun mealltacht ceantair réigiúnacha le haghaidh infheistiú a mhéadú.  Bíonn costais mhéadaithe agus cailliúint iomaíochais mar thoradh ar phlódú tráchta i mBaile Átha Cliath go háirithe.<br><br>**Méaduithe ar chostais seirbhísí gnó / méadú ar phraghsanna fuinnimh / Costas fóntas / Costais árachais / Leibhéal boilscithe** – tá sé níos costasaí táirgeadh in Éirinn a bheag nó a mhór ná i dtíortha Eorpacha eile anois de bharr méaduithe ar chostais a bhaineann le gnó a rith.<br><br>**Éiginnteacht i dtaobh an Bhreatimeachta** – bíonn tionchar aige ar gach réimse gníomhaíochta eacnamaíche, bacainne taraifí agus neamhtharaifí etc. san áireamh. Tá níos lú infheistíochta déanta i ngeilleagar na hÉireann de bharr na neamhchinnteachta a bhaineann leis an Bhreatimeachta agus d'fhéadfadh tionchar frithráiteach a bheith aige seo ar ár dtáirgiúlacht / ár n-iomaíochas.<br><br>Is féidir le **leibhéil phá ardaitheacha chun ganntanais a fhuascailt / chun tallann nua a mhealladh** tionchar a bheith acu ar iomaíochas. Tá dúshlán ag Éirinn i dtaobh tallann agus scileanna soghluaiste a mhealladh agus a choinneáil. Tá tearc-infheistíocht san earnáil ardoideachais ag cur iomaíochais i mbaol.<br><br>**Táirgiúlacht fiontar dúchasach.** Tá bearna táirgiúlachta mhór idir fiontair mhéanmhéide agus bheaga dhúchasacha agus earnálacha eachtracha a chaithfear a laghdú (feabhas ar chaighdeán bainistíochta, uasoiliúint an lucht oibre). Sáraíonn gnólachtaí eachtracha na gnólachtaí intíre go mór ó thaobh táirgiúlachta de. Má táimid chun ár n-iomaíochas idirnáisiúnta a chaomhnú caithfear an bhearna sin a laghdú.<br><br>**Infheistíocht dhíreach eachtrach.** Tá Éire fós ina mol ar a bhfuil éileamh i gcás na hinfheistíochta dírí eachtraí. Tugann an infheistíocht isteach inár ngeilleagar buntáistí leis ar nós feasacht nua, scileanna agus dul chun cinn teicneolaíocha a fheabhsaíonn inniúlacht táirgthe gheilleagar na hÉireann agus d'fhéadfadh sí cabhrú le buntáiste iomaíoch a thabhairt d'Éire.<br><br>**Gníomhú ar son na haeráide.** Tá teip cuibheasach mór ar Éirinn i dtaobh gealltanais idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú faoi 2020. Ciallóidh bearta rialtais go mbeidh costais bhreise ar ghnólachtaí agus beidh tionchar aige sin ar iomaíochas na hÉireann. | **4 @ 5<br>(2 + 3)**<br><br>**20** |

## C7 Ioncam Náisiúnta

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | **Léiriú ar athruithe ar an gcaighdeán maireachtála** Léireoidh aon athrú ar ár bhfigiúirí ioncaim náisiúnta an leibhéal fáis eacnamaíoch, nó a mhalairt, laistigh den tír ó bhliain amháin go bliain eile, agus tabharfaidh sé léiriú ginearálta ar athruithe ar an gcaighdeán maireachtála, más ann dóibh. Úsáideann ceardchumainn é seo chun bonn cirt a thabhairt d'éilimh phá.<br><br>**An bealach a úsáidtear chun an caighdeán maireachtála i dtíortha éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.** Is féidir linn na staitisticí maidir leis an ioncam náisiúnta a úsáid chun an caighdeán maireachtála inár dtír a chur i gcomparáid leis an gcaighdeán maireachtála i dtíortha eile.<br><br>**Cuidíonn sé leis an rialtas beartas eacnamaíochta a cheapadh.** Bíonn tionchar níos mó ag rialtais ar fhorbairt agus ar fhás an gheilleagair. Chun pleanáil go héifeachtach dó sin teastaíonn eolas ó rialtais faoin ngeilleagar amhail an t-eolas sin a sholáthraítear i staitisticí maidir leis an Ioncam Náisiúnta.<br><br>**Meas a dhéanamh ar an bpolasaí eacnamaíoch** chun measúnú a dhéanamh ar an ngeilleagar agus ar athruithe eacnamaíocha in earnálacha éagsúla, agus chun slat tomhais a chur ar fáil ar féidir a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, bíonn sé úsáideach staitisticí náisiúnta a bheith ann.<br><br>**Ranníocaíochtaí Bhuiséad an AE / Sochair.** Nochtfar sna staitisticí maidir leis an ioncam náisiúnta an ranníocaíocht, más ann di, a chaithfidh Éire a dhéanamh le Buiséad an AE. Úsáidfear an figiúr freisin laistigh den AE chun cinneadh a dhéanamh faoi na tíortha sin a dteastóidh cúnamh airgeadais ón AE uathu agus méid an chúnaimh sin. | **2 @ 7 grádaithe** |
| (ii) | **Athruithe daonra.** Má mhéadaíonn ioncam náisiúnta ar ráta níos moille ná an daonra, laghdóidh an t-ioncam náisiúnta in aghaidh an duine agus beidh titim sa mheánchaighdeán maireachtála. Mar sin is gá athruithe daonra, in éineacht le hathruithe ar ioncam náisiúnta, a chur san áireamh nuair a bhíonn feidhmíocht gheilleagrach tíre á meas.<br><br>**Boilsciú/Díbhoilsciú.** Beidh méadú ar ioncam náisiúnta ann mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna, ach d'fhéadfadh go mbeadh titim ar an gcaighdeán maireachtála dá bharr sin. Mar sin, is gá ioncam náisiúnta a chur i gcomparáid le hathruithe ar phraghsanna ionas gur féidir breithniú a dhéanamh ar an tionchar ar chaighdeán maireachtála / ar fheidhmíocht gheilleagrach.<br><br>**Fostaíocht / Dífhostaíocht** Má tá duine dífhostaithe, ní gá go gciallóidh ioncam náisiúnta atá ag méadú go bhfuil meánchaighdeán maireachtála an duine sin ag ardú. Do dhuine dífhostaithe is ábhartha na rátaí leasa shóisialaigh is iníoctha ná an meánchaighdeán maireachtála sa tír. | **2 @ 8 grádaithe** |

**Leibhéil chánachais.** Nuair a bhíonn caighdeán maireachtála duine á bhreith ba cheart do dhuine rátaí cáin ioncaim agus leibhéil chánach neamhdhírí sa tír a chur san áireamh. Má thagann méadú ar ceachtar acu sin, seans go mbeidh titim ar chaighdeán maireachtála duine.

**Gníomhaíochtaí tábhachtacha á fhágáil ar lár ón ioncam náisiúnta.** Ní chuirtear an geilleagar dubh/an scáthgheilleagar san áireamh agus ioncam náisiúnta á ríomh. Ní chuirtear obair mná tí ná gníomhaíochtaí deonacha san áireamh ach an oiread. Tá gníomhaíochtaí dá leithéid tábhachtach le haghaidh leas a chuid saoránach. Ní áirítear an obair a dhéantar sa gheilleagar dubh /sa scáthgheilleagar ná an obair ar fad a dhéantar go deonach sna staitisticí maidir leis an ioncam náisiúnta cé go bhféadfadh sé gurbh fhiú an-chuid iad.

**Gabhann costais shóisialta faoi cheilt le méaduithe ar ioncam náisiúnta / tomhaiseann sé sruth an rachmais ní an leas.** Má mhéadaíonn gnólacht a aschur, méadóidh ioncam náisiúnta dá bharr. Mar sin féin, d'fhéadfadh gur costas faoi cheilt a bheadh i méadú ar thruailliú etc. D'fhéadfadh athruithe i gcoinníollacha oibre/maireachtála dul le OTN ardaitheach agus d'fhéadfadh cailliúint leasa e.g. plódú tráchta níos mó a bheith mar thoradh air agus mar sin d'fhéadfadh caighdeán maireachtála duine titim.

**Dáileadh ioncaim náisiúnta.** Má théann mhéaduithe ar an ioncam náisiúnta isteach i bpócaí mionlaigh, d'fhéadfadh nach mbeadh aon fheabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail iomláin.

**Cineál na n-earraí a tháirgtear.** Beidh caighdeán maireachtála níos fearr i dtír a chaitheann méid beag ar threalamh míleata agus méid mór ar shláinte, oideachas, etc., ná tír ina ndéantar a mhalairt i.e. caitear cuid mhaith dá saibhreas ar armálacha.

**Seirbhísí rialtais ag costphraghas.** Is de réir praghaschostais a chuirtear seirbhísí rialtais ar áireamh. Is de réir praghas díola a chuirtear seirbhísí príobháideacha ar áireamh. Beidh OTI / ioncam náisiúnta níos ísle ag tír a chuireann an-chuid seirbhísí ar fáil.

**30**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (b)<br>(i) | Tagraíonn **claonadh imeallach chun tomhaltais** don chion de gach aonad breise Ioncam a chaitear ar earraí agus ar sheirbhísí. | **5** |
| (ii) | MPS = 1 – MPC<br>1 – 0.6 = 0.4 | **5** |
| (iii) | $\frac{1}{(1-MPC) + MPM + MPT}$ $\frac{1}{MPS + MPM + MPT}$.<br>$\frac{1}{(1-0.6) + 0.2 + 0.2} = 1.25$ $\frac{1}{0.4 + 0.2 + 0.2} = 1.25$<br>**Beidh tionchar 1.25 uair níos mó** ag aon inteilgean i sruth ciorclach an ioncaim **ar an ioncam náisiúnta / ná an t-inteilgean tosaigh.** | **Ríomh: 5**<br><br>**Míniú: 4** |
| (iv) | 150bn – 100bn = 50bn ÷ 1.25 = €40bn | **6**<br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c)<br>(i) | Tagraíonn **an scáthgheilleagar** do gach gníomhaíocht eacnamaíoch nach ndéanann na cuntais ioncaim náisiúnta taifead uirthi. | **5** |
| (ii) | 1. **Cailliúint ioncam cánach don rialtas / brú ar sheirbhísí an rialtais** – Cailleann an státchiste ioncam cánach atá ríthábhachtach le seirbhísí stáit a chur ar fáil. D'fhéadfadh an rialtas iad seo a úsáid le haghaidh rudaí éagsúla. De bharr chailliúint ioncaim an stát d'fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas caiteachas a chiorrú; foinsí breise ioncam cánach a aimsiú agus/nó líon na seirbhísí atá á gcur ar fáil a laghdú agus/nó iasachtaíocht a mhéadú.<br>2. **Meath ar ghníomhaíocht dhlisteanach ghnó / bagairt ar phoist** – Fulaingeoidh na gnólachtaí atá dlisteanach laghduithe sna díolacháin agus d'fhéadfadh go mbeadh cailliúint post agus meath ar ghníomhaíocht eacnamaíoch dá bharr.<br>3. **Caiteachas rialtais ar chur i bhfeidhm méadaithe** – Chun an ghníomhaíocht seo a chosc d'fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas an méid a chaitheann siad ar chur i bhfeidhm a mhéadú agus bheadh brú breise ar airgeadas an stáit / gá le cáin a ardú dá bharr.<br>4. **Méadú ar leibhéil choiriúlachta.** Bíonn méadú ar choiriúlacht de bharr méaduithe i ngníomhaíochtaí sa gheilleagar dubh/ sa scáthgheilleagar agus d'fhéadfadh go gcuirfí eagla ar shaoránaigh agus go mbeadh laghdú níos mó arís ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.<br>5. **Caighdeáin táirgí/seirbhísí** – De bharr easpa rialúcháin d'fhéadfadh nach mbeadh táirgí sábháilte / d'fhéadfadh go mbeidís dochrach do thomhaltóirí. | **3 @ 5**<br>**(2 + 3)**<br><br>**20** |

| C8 Cuspóirí Rialtais agus Polasaí Fioscach |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) (i) | Tógann **cáin fhorchéimnitheach** cion níos airde ó ioncam saothraithe a thuilleann ioncaim arda ná mar a dhéanann uathu siúd a thuilleann ioncaim ísle. Cáin fhorchéimnitheach a bhíonn i gceist nuair a ardaíonn an chomhréir ioncaim a íoctar i gcáin de réir mar a ardaíonn an t-ioncam. Is sampla í cáin ioncaim (ÍMAT) de cháin fhorchéimnitheach, de réir mar a mhéadaíonn pá oibrí íocfaidh siad ráta cánach níos airde. | **5 (4 + 1)** |
| | Tógann **cáin chúlchéimnitheach** cion níos airde ó ioncam saothraithe a thuilleann ioncaim ísle ná mar a dhéanann uathu siúd a thuilleann ioncaim arda. Ciallaíonn cáin chúlchéimnitheach go laghdaíonn an cion de cháin ioncaim a íoctar de réir mar a mhéadaíonn ioncam. Is sampla de cháin chúlchéimnitheach í CBL toisc go n-íocann daoine saibhre agus daoine bochta an méid céanna cánach ar na hearraí agus ar na seirbhísí a cheannaíonn siad. | **5 (4 + 1)** |
| (ii) | Rinne, mar ní raibh sé ag teastáil le haghaidh giniúint ioncaim toisc go bhfuil buiséad barrachais ag an rialtas cheana.<br><br>Bíonn sé cúlchéimnitheach de ghnáth agus bheadh tionchar níos mó aige ar shaothraithe ar ioncaim ísle ná mar a bheadh ar shaothraithe ar ioncaim arda, d'fhéadfadh go mbreathnófaí air go bhfuil tionchar diúltach aige ar ghiniúint saibhris an lucht oibre.<br><br>Caitheann na teaghlaigh is boichte céatadán níos airde dá n-ioncaim ar bhreoslaí le haghaidh téimh agus iompair san áit go gcaitheann daoine ar ioncaim níos airde cion níos mó ó thaobh comhréire leis an ioncam iomlán ar sheirbhísí a mbíonn astaíochtaí carbóin níos ísle acu ar an meán in aghaidh an aonaid aschuir de gnáth. Méadaíonn astaíochtaí níos moille de réir mar a mhéadaíonn ioncam.<br><br>Chuirfeadh an cháin charbóin le costais ghnó agus mar sin bheadh sé ag teacht salach ar thosaíochtaí an rialtais i dtaobh poist a chruthú, éagothroime ioncaim a laghdú agus infheistiú a mhealladh.<br><br>Bheadh tionchar tromchúiseach ag an gcáin charbóin ar iomaíochas easpórtála de bharr go n-éireodh praghsanna easpórtála níos airde seans agus seans go laghdódh éileamh easpórtálacha mar thoradh ar na méaduithe costais.<br><br>Ba cheart am a thabhairt do ghnólachtaí chun an t-aistriú a dhéanamh toisc gur cáin ar phróisis táirgeachta í an cháin charbóin i bhfírinne. Beidh am ag teastáil ó údaráis stáit agus ó dhaoine aonaracha dul i dtaithí uirthi chomh maith.<br><br>D'fhéadfaí cuimhneamh go bhfuil cánacha carbóin ag dul in aghaidh shaol na tuaithe de bharr an easpa iompair phoiblí sna ceantair thuaithe. Ba cheart níos mó iarrachta a dhéanamh chunsoláthar iompair phoiblí inbhuanaithe a fheabhsú.<br><br>**nó**<br><br>Ní dhearna, mar gur táirgí díluaíochta a mbíonn tionchar diúltach acu ar an timpeallacht iad na breoslaí ar a ngearrtar í. Dhíreodh na cánacha ar pholasaí ina n-íocann an truaillitheoir.<br><br>Tá ag teip ar an rialtas spriocanna cosanta timpeallachta an AE a bhaint amach. Thabharfaí Éire níos giorra i dtreo na spriocanna seo a chomhlíonadh dá méadófaí an cháin seo. Sheachnófaí íocaíochtaí pionóis a bheadh ann mura mbainfear na spriocanna a amach.<br><br>Ghinfí ioncam breise don rialtas chomh maith. (Gach pointe a bhaineann leis na rudaí a bhféadfaí an t-ioncam breise seo a chaitheamh orthu, i.e. seirbhísí stáit a fheabhsú, san áireamh)<br><br>Spreagfaí gnólachtaí agus teaghlaigh le bogadh i dtreo foinsí inbhuanaithe fuinnimh agus chaomhnófaí acmhainní neamh-inathnuaite. Spreagfadh na cánacha seo teaghlaigh agus gnólachtaí chun aistriú chuig acmhainní níos inbhuanaithe. | **3 @ 5 (2 + 3)**<br><br>**25** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b) (i)** | **Riosca easnaimh sna buiséad sa todhchaí á ghlacadh.** Má bhunaíonn an rialtas pátrún ró-chaiteachais i ranna áirithe d'fhéadfadh go mbunófaí ionchais sna ranna seo go mbeidh maoiniú breise ar fáil i gcónaí agus bheadh pleanáil mhí-chruinn agus tuilleadh mí-bhainistithe mar thoradh air sin.<br><br>**Riosca fiacha breise a chnuasach sa todhchaí á ghlacadh.** Níl mí-bhainistiú airgid inbhuanaithe i ranna rialtais agus is dóchúil go mbeadh easnaimh sna buiséad agus fiachas náisiúnta méadaithe mar thoradh air, a chruthaíonn deischostais le haghaidh chaiteachas féideartha an gheilleagair sa todhchaí. Gá le cánachas níos airde sa todhchaí.<br><br>**Éiginnteacht agus easpa creidiúnachta i bpleanáil rialtais.** Má fheictear nach féidir leis an rialtas smacht a choimeád ar a gcuid buiséad féin nó ar an tslí ina bhfeidhmíonn a ranna féin d'fhéadfadh go mbeadh an pobal i gcoitinne soiniciúil ina leith agus d'fhéadfadh go gcaillfeadh a pholasaithe agus a phleananna creidiúnacht. D'fhéadfadh saoránaigh an ró-chaiteachas ar thionscadail áirithe agus an praghas a ghearrann soláthróirí conartha a cheistiú.<br><br>**Meath ar chaighdeán an tsoláthair seirbhísí.** D'fhéadfadh go gcaillfeadh ranna eile amach de bharr go mbeidh níos lú airgid ar fáil dóibh le húsáid má bhíonn ranna eile á mí-bhainistiú ó thaobh airgid de agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar chaighdeán roinnt seirbhísí.<br><br>**Dochar do cháil idirnáisiúnta na hÉireann.** D'fhéadfaí breathnú ar Éirinn mar thír nach féidir léi a cuid airgeadais phoiblí a bhainistiú agus d'fhéadfadh sé seo dochar a dhéanamh do cháil na hÉireann san Aontas Eorpach agus dár rátáil chreidmheasa idirnáisiúnta. | **3 @ 5 (2 + 3)** |
| **(ii)** | **Cailliúint infheistíochta dírí eachtraí / deacracht infheistíocht dhíreach eachtrach nua a mhealladh.** Má mhéadaíonn an ráta cánach corparáidí d'fhéadfadh corparáidí ilnáisiúnta smaoineamh ar dhul go tíortha Eorpacha eile ina bhfuil struchtúr costais atá níos saoire i gcoitinne. D'fhéadfadh corparáidí ilnáisiúnta Meiriceánacha cinneadh a dhéanamh athlonnú i Meiriceá.<br><br>**Cailliúint fostaíochta.** Má bhaintear infheistíocht dhíreach eachtrach ó Éirinn beidh tionchar diúltach aige ar an éileamh saothair agus beidh méadú dífhostaíochta dá bharr. Beidh bille leasa shóisialaigh níos airde aici de bharr na méaduithe ar dhífhostaíocht.<br><br>**Tionchar ar ioncam an Rialtais.** De bharr gnólachtaí ag imeacht ó Éirinn gheobhaidh an rialtas níos lú ioncam cánach i bhfoirm cáin chorparáideach, cáin ioncaim agus CBL. Cabhróidh gnólachtaí a fhanann in Éirinn roinnt den chailliúint seo a chúiteamh trína ráta cánach corparáidí méadaithe. D'fhéadfadh méadú sealadach a bheith ar an méid cánach a bhailítear de bharr an mhéadaithe seo. Beidh ar an rialtas ioncam breise a chaitheamh chun Éire a chur chun cinn mar mhol le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach.<br><br>**Córas cánach cothrom.** Má fhabhraíonn ioncam breise don rialtas d'fhéadfadh go bhféadfaí cánachas pearsanta a ísliú agus beidh sé seo i bhfabhar daoine aonaracha agus teaghlaigh. D'fhéadfadh go gcabhródh sé le cáil na hÉireann go hidirnáisiúnta go mbeadh a córas cánachais cóir. | **3 @ 5 (2 + 3)**<br><br>**30** |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) (i) | Tagraíonn polasaí cóir sóisialta don soláthar seirbhísí a dhéanann an rialtas agus don bainistiú a dhéanann sé ar athdháileadh ioncaim a theastaíonn sa gheilleagar le cinntiú go mbeidh gach saoránach in ann caighdeán maireachtála áirithe a bhaint amach. | **6 grádaithe** |
| (ii) | **Íosphá méadaithe.** Fiú nuair a méadaíodh an t-íosphá arís i mbliana tá sé fós faoi bhun an phá maireachtála a mholtar.<br><br>**Dul i ngleic le fadhbanna ar nós tithíochta.** Má chuireann an rialtas níos mó tithíocht shóisialta ar fáil chuirfeadh sé ar chumas oibrithe níos lú a chaitheamh ar chíosanna atá ró-ard agus leis sin feabhsófar a gcaighdeán maireachtála.<br><br>**Athruithe ar an struchtúr cánach.** D'fhéadfadh an rialtas bandaí cánach a atheagrú chun go mbeadh níos mó glanphá ag fostaithe. D'fhéadfaidís an éifeacht chéanna a bhaint amach trí athruithe a dhéanamh ar chreidmheasanna cánach. Nó mar rogha ailtéarnach air sin, d'fhéadfaidís athruithe a dhéanamh ar ráta CBL ar earraí riachtanacha.<br><br>**Costais iompair phoiblí a laghdú.** D'fhéadfadh an rialtas laghdú ar phraghas iompair phoiblí nó fóirdheontais taistil do na hoibrithe sin atá faoi bhun tairsí áirithe ioncaim a fhiosrú. Laghdódh sé seo na costais a bhaineann le taisteal chuig an obair agus uaithi agus ligfeadh sé d'fhostaithe níos mó dá dtuillimh a choimeád.<br><br>**Tástáil acmhainne.** D'fhéadfaí an teorann ioncaim seachtainiúil dóibh siúd a fhaigheann cárta leighis a mhéadú agus bheadh níos mó daoine i dteideal cúram sláinte saor in aisce ansin. Íocaíochtaí aistritheacha uilíocha a bhainistiú.<br><br>**Íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhéadú.** Má mhéadaítear sochar dífhostaíochta ligfidh sé d'fhostaithe páirtaimseartha tairbhe a bhaint as caighdeán maireachtála níos fearr. Má mhéadaítear íocaíochtaí sochair leanaí, ligfidh sé do na daoine bochta atá ag obair níos mó dá n-ioncaim a choimeád. D'fhéadfaí fóirdheontais a chur ar fáil le haghaidh cúram leanaí ionas gur fiú d'oibrithe a bheith fostaithe.<br><br>**Reachtaíocht um chonarthaí oibre** D'fhéadfaí an reachtaíocht a bhaineann le conarthaí náid uaireanta a chur i bhfeidhm ionas go gcosnófaí oibrithe. D'fhéadfaí cosc a chur ar oibriú gan chonradh. D'fhéadfaí oibrithe a chinneann fostóirí gur daoine féinfhostaithe iad cosaint a fháil ón reachtaíocht.<br><br>**D'fhéadfadh gnólachtaí oibrithe a fhóirdheonú** chun cabhrú lena gcaighdeán maireachtála a fheabhsú trí sholáthar sochar / seirbhísí i.e. naíolanna / árachas sláinte. | **2 @ 7 (4+3)**<br><br>**20** |